

## Measúnú Foirmitheach i Seomraí Ranga Eolaíochta

Deirtear go bhfuil na tairbhí gnóthachtála a bhaineann le measúnú foirmitheach 'ar na cinn is mó a tuairiscíodh riamh ó thaobh idirghabhálacha oideachasúla'. (ECFE, 2005). Sé Dylan Wiliam príomhthiaighdeoir sa réimse seo. Clliceáil ar an bpictiúr chun an físeán a fheiceáil ina gcuireann sé síos ar na 5 phríomhshraitéis atá mar bhonn agus mar thaca ag úsáid teicnící measúnú foirmitheach sa seomra ranga agus ina míníonn sé freisin conas atá a chuid oibre bunaithe ar dhea-chleachtas múinteoirí.



### Tá úsáid teicnící measúnú foirmitheach sa seomra ranga bunaithe ar 5 phríomhshraitéis

- Intinní Foghlama agus Critéir Ratha a úsáid
- Díospóireachtaí fiúntacha a éascú sa seomra ranga, a spreagann fianaise ar fhoghlaim agus ar thuiscint
- Aiseolas a thabhairt a chuireann an fhoghlaim chun tosaigh
- Foghlaimeoirí a ghníomhachtú mar acmhainní teagaisc dá chéile
- Foghlaimeoirí a ghníomhachtú mar úinéirí ar a gcuid foghlaim féin

### Roinnt príomhghnéithe de sheomraí ranga dírithe ar mheasúnú foirmitheach

- Tá na seomraí ranga seo foghlaimeoir-lárnach.
- Is minice agus is éifeachtaí a idirghníomhaíonn múinteoirí le scoláirí.
- Cuirtear chun cinn foghlaim don tuiscint agus déantar monatóireacht uirthi sin.
- Tarlaíonn measúnú i rith an ama, ach ar bhonn formhothaithe, agus mar chuid lárnach den phróiseas foghlama.
- Is baill den phobal foghlama an múinteoir agus an dalta araon.
- Bíonn smaointeoireacht an scoláire sofheicthe, don mhúinteoir agus do scoláirí eile araon.

## Cad iad na tairbhí ar leith a thugann úsáid teicnící measúnú foirmitheach chuig seomraí ranga **Eolaíochta**?

- Tugtar deiseanna do scoláirí, i ngrúpaí beaga agus/nó mar rang iomlán, chun a gcuid smaointe agus a dtuiscint reatha a iniúchadh go grinn.
- Is féidir le smaointeoireacht scoláirí éirí níos follasaí le linn fiosrúchán eolaíochta, cionn is gur féidir scoláirí a spreagadh chun cloí le réamh-mheas nó le toradh, a bhfuil fianaise leis ó eolas nó ó eispéiris a bhí acu roimhe seo, agus na smaointe sin a roinnt le piaraí nó leis an rang.
- Is féidir cultúr smaointeoireachta a chruthú sa seomra ranga seachas cultúr freagraí.
- Is féidir scoláirí a spreagadh chun rioscaí a thógáil i dtimpeallacht inar féidir leo smaoineamh a roinnt gan eagla agus ina dtugtar meas agus aitheantas do smaointe gach duine
- Spreagtar foghlaim trí argóinteacht agus idirphlé agus moltar freisin dialóg idir scoláirí chomh maith le dialóg idir scoláirí agus múinteoir.
- Spreagtar scoláirí chun bheith ag éisteacht go cúramach de réir mar a ardaítear smaointe éagsúla agus a phléitear iad agus a dhéantar mionathruithe ar smaointe de thoradh fianaise nua. Is ar an gcaoi sin a gcruthaítear coincheapa.

## Cabhrú le scoláirí an t-aistriú a thuiscint i dtreo seomraí ranga ina ndéantar measúnú foirmitheach

Le linn duit teicnící measúnú foirmitheach cosúil le “**smaoinigh péireáil roinn**” a thriail sa seomra ranga don chéad uair, is fiú smaoineamh ar a insint do scoláirí conas a chabhróidh an teicníc lena gcuid foghlama. Léiríonn taighde gur céim thosaigh an-tábhachtach í scoláirí a chur ag smaoineamh go gníomhach ar an gcaoi a mbíonn siad ag foghlaim.

Mura bhfuil taithí acu ar sheomra ranga ina mbíonn measúnú foirmitheach, bh'féidir go mbeadh scoláirí trína chéile le teicnící ar nós “**gan lámha a chur in airde**” agus má mhínítear go gcaithfidh gach scoláire a bheith réidh chun freagra a thabhairt fiú más “níl a fhios agam” atá ann, cuideoidh sé sin le scoláirí inmíocha, díriú ar fhreagra a fhorbairt, in áit iad a bheith buartha faoi céard a tharlóidh má iarrann tú freagra orthu tar éis am feithimh réasúnta agus nach mbíonn aon fhreagra acu fós!

2

Ní thuigeann roinnt scoláirí conas a chuidíonn “**am feithimh**” de níos mó ná 3 shoicind leis an gcineál freagraí agus le líon na scoláirí a mbíonn freagra acu. Ach is féidir leis an smaointeoir is tapúla foghlaim gur deis é “**am feithimh**” chun a gcuid smaointe a leasú agus a fheabhsú, go speisialta nuair is ceisteanna níos oscailte iad, agus mar sin de gur buntáiste é “**am feithimh**” do gach scoláire.

## Tús a chur le teicnící measúnú foirmitheach a úsáid

- Roghnaigh grúpa sa rang go bhfuil aithne mhaith agat orthu agus mínigh údar na teicníce dóibh.
- Bí ullmhaithe ar eagla go dtógann sé seo níos mó ama ná a bhí beartaithe agat. I dtosach, is dócha go mbeidh ort am a chaitheamh chun an próiseas a mhíniú do do chuid scoláirí ach is fiú an t-am é.
- Déan iarracht gan léim isteach rótapaidh nuair a bhíonn scoláirí éiginnte. Tabhair am agus spás do scoláirí a oibriú amach cad é a ba mhaith leo a bhaint amach.
- Seachain agus ná ceartaigh míthuiscintí a luaithe agus a tharlaíonn siad. Mura n-oibríonn scoláirí trí na míthuiscintí sin ní imeoidh siad agus rachaidh scoláirí ar ais chucu.
- Smaoinigh ar an gCÚIS a bhfuil teicnic measúnú foirmitheach in úsáid agat.
- Bí ag súil le cur ina choinne. Beidh idir am agus dhiongbháilteacht ag teastáil chun scileanna scoláirí mar fhoghlaimoírí a fhorbairt.
- Déan machnamh. Cen luach breise, má tá a leithéid ann, a chuir úsáid na teicníce seo le do sheomra ranga?
- Roinn. Pléigh a bhfuil ar siúl agat le do chuid piaraí.

Is féidir gur mhaith leat an nasc seo a leanúint chun an topaic a fhiosrú níos mó:

<https://www.nwea.org/blog/2013/formative-assessment-strategies-dylan-wiliam-on-demand-webinars/>

### **Tagairtí:**

Keeley, Page. (2008). *Science Formative Assessment. 75 Practical Strategies for Linking Assessment, Instruction and Learning*. Corwin Press. NSTA press.

Keeley, Page. (2015). *Science Formative Assessment Volume 2*. Corwin Press. NSTA Press.

Wiliam, Dylan. (2011). *Embedded formative assessment*. Solution Tree Press